# ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2020

Seo a leanas sonraí Ráiteas Buiséid 8 Deireadh Fómhair 2019, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Cáin Ioncaim

Tá na hathruithe do na creidmheasanna cánach agus bandaí cánach i gcló trom.

### Creidmheasanna Cánach

| **Creidmheas Cánach** | **2019 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Duine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta | 3,300 | 3,300 |
| Creidmheas Cánach Fostaí | 1,650 | 1,650 |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Ioncam Tuillte | 1,350 | **1,500** |
| Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | 2,190 | 2,190 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Uaschreidmheas Cánach i leith Leanbh Éagumasaithe | 3,300 | 3,300 |
| Creidmheas Cánach na nDall:<br>Duine Singil<br>Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - Céile amháin nó Páirtnéir Sibhialta amháin Dall<br>Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - An Bheirt Chéile nó Páirtnéirí Sibhialta Dall | <br>1,650<br>1,650<br>3,300 | <br>1,650<br>1,650<br>3,300 |
| Tuismitheoir ar Bainteach é/í:<br>Básaithe in 2019<br>Básaithe in 2018<br>Básaithe in 2017<br>Básaithe in 2016<br>Básaithe in 2015<br>Básaithe in 2014 | <br>-<br>3,600<br>3,150<br>2,700<br>2,250<br>1,800 | <br>3,600<br>3,150<br>2,700<br>2,250<br>1,800<br>- |
| Creidmheas Cánach Aoise:<br>Duine Singil nó Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach<br>Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta | <br>245<br>490 | <br>245<br>490 |
| Gaol Cleithiúnach | 70 | 70 |
| Creidmheas Cánach do Chúramóirí Baile | 1,500 | **1,600** |

### Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach

| **Cúinsí Pearsanta** | **2019 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Duine Singil nó Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach, gan leanbh cáilitheach | 35,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% | 35,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Duine Singil nó Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach, cáilitheach le haghaidh Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil | 39,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% | 39,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - ioncam ag Céile amháin nó Páirtnéir Sibhialta amháin | 44,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% | 44,300 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta - ioncam ag an mbeirt Chéile nó Páirtnéirí Sibhialta | 44,300 @ 20% le méadú 26,300 uasta. Iarmhéid @ 40% | 44,300 @ 20% le méadú 26,300 uasta. Iarmhéid @ 40% |

## Teorainneacha Díolúine

Níor athraíodh na teorainneacha díolúine do dhaoine 65 bliain d’aois nó níos sine:

| **Cúinsí Pearsanta** | **2019 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Duine Singil nó Baintreach nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach, 65 bliain d’aois nó níos sine | 18,000 | 18,000 |
| Pósta nó i bPáirtnéireacht Shibhialta 65 bliain d’aois nó níos sine | 36,000 | 36,000 |

Méadaítear na teorainneacha díolúine thuas €575 do gach duine de na chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus €830 don tríú leanbh agus gach leanbh eile ina dhiaidh sin.

Féadfaidh sé go bhfuil Faoiseamh Imeallach i gceist, faoi réir teorainn ioncaim dhá uair theorann na díolúine ábhartha.

## An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Níl aon athruithe do na rátaí MSU. Beidh an ráta laghdaithe reatha MSU le haghaidh sealbhóirí cáilitheacha cárta leighis fós i bhfeidhm ar feadh bliain eile, 2020.

**Rátaí Caighdeánacha MSU**

| **Tairsí MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| **2019** | **Ráta** | **2020** | **Ráta** |
| Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam ó €12,012.01 go €19,874.00 | 2% | Ioncam ó €12,012.01 go €19,874.00 | 2% |
| Ioncam ó €19,874.01 go €70,044.00 | 4.5% | Ioncam ó €19,874.01 go €70,044.00 | 4.5% |
| Ioncam os cionn €70,044.00 | 8% | Ioncam os cionn €70,044.00 | 8% |

**Rátaí Laghdaithe MSU**

| **Tairsí MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| Daoine aonair 70 bliain d’aois nó níos sine arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú.<br><br>Daoine aonair (faoi 70 bliain d'aois) a bhfuil cárta leighis iomlán acu arb ionann a n-ioncam comhiomlán don bhliain agus €60,000 nó níos lú. | | | |
| **2019** | **Ráta** | **2020** | **Ráta** |
| Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas le €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam os cionn €12,012.00 | 2% | Ioncam os cionn €12,012.00 | 2% |

Nóta 1. Ní áirítear in ioncam 'comhliomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).

Nóta 2. Nóta 2. Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta leighis iomlán chun críocha MSU.

Tá síneadh breise ar feadh bliain eile curtha leis an gcárta dóibh siúd faoi 70 bliain d'aois, go dtí 2020.

**Catagóirí Díolmhaithe**
Níl aon athrú don mhéid seo:

| 2019 | 2020 |
|---|---|
| Sa chás nach sáraíonn ioncam duine don bhliain €13,000 | Gan athrú |
| Gach íocaíocht ón RGFCS | Gan athrú |
| Ioncam faoi réir CCÚT cheana féin | Gan athrú |

**Clár Faoisimh Sannaí Speisialta (CFSS)**
Tá síneadh go dtí 31 Nollaig 2022 curtha leis an CFSS agus an teorainn ar thuilleamh incháilithe.

**Asbhaint Tuillimh Eachtraigh (ATE)**
Cuireadh síneadh go dtí 2020 leis an ATE in Acht Airgeadais 2016. Tá síneadh breise curtha leis an scéim anois go dtí 31 Nollaig 2022.

**Cáin Iarchoimeádta Díbhinne (CID)**
Tiocfaidh méadú ó 20% go 25% ar an ráta CID ó 1 Eanáir 2020 ar aghaidh.

## Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)

**Tairsí Saor ó Cháin**
Is mar seo a leanas a mhéadaítear an tairseach saoil saor ó cháin don Ghrúpa CFC A:

| Tairseach | | Leibhéal Reatha | Leibhéal Nua |
|---|---|---|---|
| **A** | Tá feidhm aige seo sa chás gur leanbh é an tairbhí (lena n-áirítear leanbh uchtaithe, leas-leanbh agus i gcúinsí áirithe, leanbh altrama) nó nuair is leanbh mionaoiseach de chuid leanbh éagtha de chuid an diúscróra é an tairbhí. Tagann tuismitheoirí faoin tairseach seo sa chás go bhfaigheann siad le hoidhreacht leas iomlán ó leanbh. | €320,000 | **€335,000** |
| **B** | Tá feidhm aige seo sa chás gur deartháir, deirfiúr, nia, neacht nó dírshinsir nó dírshliocht an diúscróra é an tairbhí. | €32,500 | Gan athrú |
| **C** | Tá feidhm aige seo i ngach cás eile. | €16,250 | Gan athrú |

Tá feidhm ag an tairseach nua saor ó cháin do Ghrúpa A do bhronntanais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis.

## Cáin Chorparáide

**Teorainneacha bunaithe ar astaíochtaí i leith liúntais chaipitiúla agus costais d'fheithiclí áirithe bóthair.**
Tá laghdú á dhéanamh ag an Aire ar shuim an chaiteachais a fhéadtar cáiliú le haghaidh faoiseamh cánach i gcás catagóirí áirithe d'fheithiclí tráchtála. Beidh feidhm leis an bhforáil seo ó
1 Eanáir 2021.

**Creidmheas Cánach Taighde agus Forbartha (T&F)**
Faoi Bhille Airgeadais, 2019, déanfar roinnt leasuithe don chreidmheas cánach T&F, agus tabharfar isteach roinnt beart chun tacú le mionfhiontair agus fiontair bheaga chuí:

- is éard is mionfhiontar nó fiontar beag' ann ná fiontar atá ina mhionfhiontar nó ina fhiontar beag de réir bhrí an Aguisín do Thogra 2003/361/CE de chuid an Choimisiúin an 6 Bealtaine 2003
- méadú go 30% sa chreidmheas cánach ar chaiteachas cáilitheach, suas ó 25%
- Beidh caiteachas réamhthrádála cáilitheach incháilithe le haghaidh creidmheas cánach a fhéadtar a fhritháireamh in aghaidh párolla agus dliteanais CBL
- modh feabhsaithe don chreidmheas cánach iníoctha.

Faoi Bhille Airgeadais, 2019, tiocfaidh méadú ó 5% go 15% ar an seachfhoinsiú cáilitheach i gcás ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais.

## Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

**Faoiseamh i leith athstruchtúrú feirme**
Tá síneadh á chur leis an bhfaoiseamh i leith athstruchtúrú feirme go dtí
31 Nollaig 2022.

## Cáin Chorparáide agus CGC

**Treoir i gcoinne Seachaint Cánach (TSC)**
De réir ghealltanas na hÉireann don TSC, tabharfar isteach faoin mBille Airgeadais rialacha nua frith-neamhréir hibrideach agus leasauithe teicniúla do na rialacha Cánach Scuchta.

## Clár Rannpháirtíochta Príomhfhostaithe (CRPF)

Tá an faoiseamh seo á leasú chun ligean d'fhiontair a fheidhmíonn struchtúir ghrúpa cáiliú don CRPF.

Tá leasú á dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann le fostaithe cáilitheacha chun go ligfí do shocraíochtaí páirtaimseartha nó fleisc-oibre, in éineacht le gluaiseachtaí idir cuideachtaí taobh istigh den ghrúpa.

Tá síneadh á chur leis an bhfaoiseamh i leith scaireanna reatha, chomh maith le scaireanna nua-eisithe.

## Mál

**Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)**
Tá na rátaí CTT á méadú le héifeacht ó 9 Deireadh Fómhair 2019. Is éard atá sa mhéadú ná 50 cent, CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín agus méaduithe comhréireacha ar tháirgí eile tobac.

**Faoiseamh ó Dhleacht Mháil i leith Táirgí Alcóil i gcás Micreaghrúdlanna**
Maidir leis an bhfaoiseamh a laghdaíonn 50% an ráta caighdeánach Cánach ar Tháirgí Alcóil ar bheoir a thairgtear i micreaghrúdlanna, beidh an faoiseamh ar fáil anois do ghrúdlanna beaga a thairgeann suas le 50,000 heictilítear sa bhliain. Leanfar den fhaoiseamh a dheonú suas le 30,000 heictilítear sa bhliain.

**Cáin ghealltóireachta**
Tabharfar isteach faoiseamh ó dhleacht ghealltóireachta agus dleacht idirghabhálaithe gealltóireachta, suas le teorainn €50,000 sa bhliain féilire. Ní bhaineann an faoiseamh seo ach amháin le gnóthais aonair.

## Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)

**Tobhach Ocsaíde Nítrigine**
Gearrfar tobhach Ocsaíde Nítrigine ar gach feithicil i gcatagóir CCF A (feithiclí do phaisinéirí agus feithiclí SUV) le héifeacht ó 1 Eanáir 2020. Tiocfaidh sé seo in áit an fhormhuirir díosail a tugadh isteach i mBuiséad 2019. Gearrfar an tobhach seo ar bhonn carnach de bhun tagartha don tábla seo a leanas:

| Astaíochtaí Ocsaíde Nítrigine (NOx mg/km) | Suim iníoctha i leith mg/km |
|---|---|
| An chéad 0-60 mg/km | €5 |
| An chéad 20 mg/km eile nó cuid de suas le 80 mg/km | €15 |
| An fuílleach os cionn 80 mg/km | €25 |

Beidh teorainn uasta €4,850 ar an muirear Ocsaíde Nítrigine i gcás feithiclí díosail agus €600 i gcás feithiclí eile.

**Faoiseamh i leith Feithiclí Hibrideacha agus Feithiclí Hibrideacha Inluchtaithe Leictreacha (feithiclí FHIL)**
Tá síneadh go dtí 31 Nollaig 2020 á chur leis an bhfaoiseamh i leith feithiclí hibrideacha leictreacha agus feithiclí FHIL. Ó 1 Eanáir 2020 ar aghaidh, ní cháileoidh feithiclí hibrideacha leictreacha a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ os cionn 80 g/km acu ná feithiclí FHIV a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ os cionn 65 g/km acu don fhaoiseamh CCF.

## Fuinneamh

**Cáin Ola Mianra (COM)**
Tá méadú sna rátaí COM mar gheall ar an athrú don mhuirear carbóin ó €20 go €26 in aghaidh an tona $CO_2$ a astaítear.

Is iad na rátaí nua COM in aghaidh an 1,000 lítear i gcás na dtáirgí seo ná:

- ola éadrom €601.69: peitreal agus gásailín eitlíochta.
- ola throm €494.90: a bhaintear mar thiomántán, a úsáidtear le haghaidh aerloingseoireacht agus le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháidigh.

Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón 9 Deireadh Fómhair 2019.

Níl aon athruithe do na rátaí COM i gcás na gcineálacha eile ola mianra ná gás d'fheithiclí. Beidh na rátaí eile COM seo fós i bhfeidhm go dtí 1 Bealtaine 2020, tráth a thiocfaidh na rátaí nua i bhfeidhm.

**Scéim Lacáiste Díosail**
Déanfar an scéim seo a choigeartú le go dtabharfaí éifeacht d'fhorálacha a thabharfar isteach faoi Acht Airgeadais, 2019.
**Ráta Cánach Carbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)**
Tá méadú sa ráta CCGN mar gheall ar an athrú don mhuirear carbóin ó €20 go €26 in aghaidh an tona $CO_2$ a astaítear.

An ráta nua a bheidh ann ná €5.22 in aghaidh na huaire meigeavata ag an nGlanluach Calrach (GLC) agus €4.71 in aghaidh na huaire meigeavata ag an Luach Comhlán Calrach (LCC).

Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2020.

**Rátaí Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)**
Tá méadú sna rátaí CCBS mar gheall ar an athrú don mhuirear carbóin ó €20 go €26 in aghaidh an tona $CO_2$ a astaítear. Is iad na rátaí nua ná:

- gual €68.48 an tonna
- brícíní móna €47.67 an tonna
- móin mheillte €23.62 an tonna
- móin eile €35.43 an tonna.

Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2020.
**Ráta Cánach Leictreachais**
Tá cothromú á dhéanamh ar an ráta Cánach Leictreachais i gcás úsáid gnó agus neamhghnó. Athróidh an ráta cánach a ghearrtar ar úsáid gnó ó €0.50 go €1.00 in aghaidh na huaire meigeavata.

Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020.

## Maoin

**Dleacht Stampa**
Tá méadú ó 6% go 7% ar an Dleacht Stampa (iníoctha ag an gceannaitheoir) i leith maoin neamhchónaithe (talamh san áireamh) a cheannach nó a aistriú.

Tá méadú ó 6% go 7% ar an Dleacht Stampa (iníoctha ag an léasaí) i leith na comhchoda bisigh de mhaoin neamhchónaithe. Níl aon athrú sa ráta Dleachta Stampa ar an gcomhchuid cíosa de léas.
Tagann an ráta nua 7.5% i bhfeidhm ar thíolacthaí nó aistrithe maoine neamhchónaithe agus léasanna a fheidhmítear ar 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis.

Sa chás go raibh conradh ceangailteach i bhfeidhm roimh an dáta seo agus go bhfeidhmítear an gníomhas tíolactha nó an léas roimh 1 Eanáir 2020, leanfaidh Dleacht Stampa de bheith inmhuirir ag an ráta réamh-Bhuiséid 6%.

**Dleacht Stampa ar Éadálacha Comhlachtaí**
Beidh muirear Dleachta Stampa 1% i bhfeidhm sa chás go n-úsáidtear, chun comhlacht a éadáil, 'scéim cealúcháin' i leith socraíochta, de réir Cuid 9 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá sé seo i bhfeidhm ar idirbhearta ar 9 Deireadh Fómhair 2019 nó dá éis.

Is éard atá i gceist le 'scéim cealúcháin' ná scaireanna sa sprioc-chomhlacht a chealú agus scaireanna a eisiúint chuig an gcomhlacht éadála.

**Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC)**
Tá síneadh dhá bhliain eile á chur leis an Dreasacht CLC, le críochnú ar 31 Nollaig 2021. Leanfaidh an scéim dá feidhmiú mar a bhí roimhe agus beidh sí fós faoi réir na gcoinníollacha céanna.

**Tionscnamh na gCathracha Beo**
Tá síneadh á chur le Tionscnamh na gCathracha Beo go dtí 31 Nollaig 2022. Maidir le hairgead a chaitear ar obair athchóirithe a dhéantar suas leis an dáta nua deiridh seo, féadfaidh sé go gcáileoidh sé d'fhaoiseamh cánach faoin scéim nua.

**Sochar Comhchineáil**

Tá síneadh go dtí 31 Nollaig 2022 á chur leis an díolúine Sochair Comhchineáil i leith carranna agus veaineanna leictreacha a bhfuil luach margaidh níos lú ná €50,000 orthu. Sa chás go raibh luach bunaidh margaidh an chairr leictrigh nó na veain leictrí níos mó ná €50,000, tá síneadh go dtí deireadh 2022 á chur leis an déileáil tosaíochta cánach.

**Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI)**

Cuirfear faoiseamh cánach ioncaim iomlán (40%) ar fáil sa bhliain ina ndéantar an infheistíocht. Tá sé seo éagsúil ó na socruithe reatha ina gcuirtear faoiseamh 30% ar fáil ag tráth na hinfheistíochta tosaigh agus 10% eile tar éis bhliain a trí, faoi réir coinníollacha áirithe.

Méadófar ó €150k go €250k an teorainn ar an infheistíocht bhliantúil. Tugadh isteach teorainn nua infheistíochta bliantúla de €500k i gcás iad siú a dhéanann infheistiú ar feadh tréimhse íosta 10 mbliana.

**Séanadh Dlíthiúil**
Tá sé i gceist go ndéanfaidh an bhileog seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Ar an gcaoi sin, ní dhéantar gach ábhar a chur san áireamh ann a fhéadtar teacht aníos i dtaca leis an ábhar. Ní mhaítear gur léirmhíniú dlíthiúil é ar na forálacha reachtacha, agus dá réir, ní fhéadtar aon fhreagracht a ghlacadh as aon dliteanas a bhaineann dó nó aon chaillteanas a thabhaítear mar thoradh ar bhraith ar an ábhar a fhoilsítear ann.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

www.revenue.ie
8 Deireadh Fómhair 2019